C/2024/6161

11.10.2024

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an 8 Deireadh Fómhair 2024**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne thar ceann Mhálta**

(C/2024/6161)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú [1], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2022/832 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025.

(2) Tá suíochán mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Michael CAMILLERI a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas Mhálta don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Annalise DESIRA ina comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Michael CAMILLERI, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

VARGA M.

---

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

[2] Cinneadh (AE) 2022/832 ón gComhairle an 24 Bealtaine 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (IO L 147, 30.5.2022, lch. 42).